# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

# Gaeilge Chumarsáideach

# Treoirlínte don Bhéaltriail

# GAEILGE CHUMARSÁIDEACH

## TREOIR DON SCRÚDÚ CAINTE

**1.** Tá **120 marc** ag dul don scrudú cainte.
Tástálfar cumas labhartha na ndaltaí trí mheán na Gaeilge.
Cuirfear san áireamh:

(a) cumas cumarsáide
*agus*
(b) cumas teanga.

**(a) Cumas Cumarsáide:**

- Tuiscint an iarrthóra ar Ghaeilge labhartha
- Tuiscint an iarrthóra ar cheisteanna
- Tuiscint an iarrthóra ar spreagthaí an scrúdaitheora
- Líofacht agus fonnmhaireacht chainte an iarrthóra
- Soiléireacht agus sothuigtheacht maidir le smaointe, mothúcháin agus tuairimí a chur in iúl
- Stór focal agus leaganacha cainte

**(b) Cumas Teanga:**

- Dul na Gaeilge
- Comhréir agus struchtúir
- Gramadach agus deilbhíocht
- Rithim agus foghraíocht.

**2. Leagan Amach agus Iomroinnt na Marcanna**

| | | |
|---|---|---|
| **(a)** | **Cumas Cumarsáide** | **90 marc** |

**Fáilte:** 10 marc
Dia duit?
Conas atá tú?
Cad is ainm duit?
Cén aois tú?
Cá bhfuil tú i do chónaí?

| | | |
|---|---|---|
| **Bloc 1:** | An Teaghlach / An Teach | 20 marc |
| **Bloc 2**: | An Scoil / An t-Ionad Oideachais | 20 marc |
| **Bloc 4**: | An Ceantar / Laethanta Saoire / Bia agus Deoch | 20 marc |
| **Bloc 3**: | Caitheamh Aimsire | 20 marc |

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | **Cumas Teanga** | **30 marc** |

**3. Am: 8 – 10 nóiméad**

**4. Ceisteanna Samplacha**

# BLOC 1
**(An Teaghlach / An Teach / Gáirdín / Peataí)**

- Cé mhéad deartháir atá agat?
  Cé mhéad deirfiúr atá agat?
  Cad is ainm dó/di/dóibh?
  Cén aois é/í/iad?
  An bhfuil sé/sí ar scoil/ag obair/ar Coláiste?
  An bhfuil do dheartháir/dheirfiúr ard/íseal?
  An bhfuil sé/sí ard/íseal?
  Cén dath atá ar a c(h)uid gruaige?...a s(h)úile?

- Cá bhfuil tú i do chónaí?...Cá bhfuil cónaí ort?
  Cad é do sheoladh? (ag brath ar chumas an iarrthóra)

- An bhfuil teach mór/beag agat?
  Cé mhéad seomra atá i do theach?
  Cad iad na seomraí atá ann?...seomra suite/seomra bia/ cistin/seomra leapa/seomra folctha?…
  Cad atá i do sheomra leapa?...leaba, bord…scathán…fuinneog, vardús, cófra(í),teilifís, ríomhaire?...
  Cén dath atá ar an mballa?...Cén dath atá ar an gcuilt?
  An bhfuil gairdín agaibh?...An bhfuil sé mór/beag?
  Cad a fhásann sa ghairdín?...bláthanna…crainn
  An mbíonn tú ag obair sa ghairdín?...Cad a dhéanann tú ann? An ngearrann tú an féar? An gcuireann tú uisce ar na bláthanna?
  Cé a bhíonn ag obair sa ghairdín? Do mhaim, do dhaid/ do dheirfiúr /do dheartháir?...

- An bhfuil peata agat?...An bhfuil madra/cat/coinín/éan agat?
  Cad is ainm dó/di?
  Cén dath atá air/uithi?
  Cén aois é/í?
  Cad a itheann sé/sí?...Cad a ólann sé/sí?…
  An dtugann tú an madra/cat ag siúl?...Cén áit?
  Cá bhfuair tú/sibh an madra/cat…?...Bronntanas…
  Ar cheannaigh tú/sibh é?...An raibh sé daor?

# BLOC 2

**(An Scoil / An tIonad Oideachais)**

- Cad is ainm don scoil seo? Cad é ainm na scoile seo?
  Conas a thagann tú ar scoil gach lá?... (ag brath ar chumas an iarrthóra)  An siúlann tú…ar an mbus…ar rothar…
  An bhfuil do theach in aice leis an scoil?
  Cé mhéad míle ó do theach go dtí an scoil?
  Cad a dhéanann tú nuair a éiríonn tú gach maidin?...An dtógann tú cith? An gcuireann tú do chuid éadaí ort? / An itheann tú do bhricfeasta/ An bhfaigheann tú do mhála scoile?...
  Cé mhéad dalta/cailín/buachaill/cailíní agus buachaillí atá sa scoil?
  Cé mhéad múinteoir atá sa scoil?

- An maith leat an scoil?...Cén fáth?
  Cén t-am a thosaíonn an scoil gach maidin?...Cén t-am a chríochnaíonn an scoil gach tráthnóna?...
  Cén t-am a bhíonn lón agat?...An bhfuil cead agat dul abhaile ag am lóin?...Cad a dhéanann tú ag am lóin?...Cad a itheann tú ag am lóin?....
  An bhfuil siopa/leabharlann/seomra ríomhairí/séipéal sa scoil?...An bhfuil ceaintín sa scoil?...Cad atá sa siopa?...milseáin, úlla…

- An mbíonn leathlá ag an scoil?...Cén lá a bhíonn leathlá agaibh?...Dé Céadaoin?
  Cén t-am a chríochnaíonn an scoil Dé Céadaoin?...Cad a dhéanann tú tar éis scoile Dé  Céadaoin?...An dtéann tú ag imirt peile?...Ag siopadóireacht...

- Inis dom faoi d'éide scoile?....do gheansaí…(ag brath ar chumas an iarrthóra). Cén dath atá air?...agus do sciorta/do bhríste…do léine/do bhlús…An maith leat an éide scoile?
  Cén fáth?...Ar mhaith leat dath difriúil?... (ag brath ar chumas an iarrthóra).
  Cén dath?...dubh…gorm…

- Cad iad na hábhair  scoile a dhéanann tú arscoil?...Gaeilge/Béarla/Stair/Tíreolas/Ríomhairí?
  Cad é an t-ábhar is fearr leat?...Cén fáth?...An bhfuil tú go maith ag an…

- Cad iad na háiseanna atá sa scoil?...An bhfuil halla spóirt/páirceanna imeartha/leabharlann/séipéal/seomra ealáine nó….sa scoil?
  Cad iad na spóirt atá sa scoil?...Peil...Sacar...Cispheil...Rugbaí…Haca…Leadóg Bhoird…Eitpheil
  An imríonn tú peil/sacar/cispheil…?

- Cad a dhéanfaidh tú nuair a fhágfaidh tú an scoil i mí Meithimh?...Cén post ba mhaith leat nuair a fhágfaidh tú an scoil?...An rachaidh tú go dtí an Coláiste?
  An raibh tú riamh ag obair le…?  …i…? ( e.g. le feirmeoir/garda/cócaire i ngaráiste)

# BLOC 3
## (An Ceantar Áitiúil / Bia agus Deoch / Obair)

- Cá bhfuil tú i do chónaí? An maith leat an áit sin?...Cén fáth?
  Cad atá in aice le do theach?...An bhfuil siopa(í) in aice le do theach?
  Cén sórt siopa(í)?...siopa ceoil...siopa milseán…siopa grósaera, siopa bróg
  Cad eile atá in aice le do theach?...pictiúrlann… Oifig an Phoist…leabharlann …stáisiún na ngardaí,
  Cad iad na rudaí atá le feiceáil anseo?...sléibhte, crainn, páirceanna

- Cad a dhéanann na daoine óga anseo i…? (ag brath ar chumas an iarrthóra).
  An bhfuil Club Óige ann?...Club Sacair...Club Snámha...
  An bhfuil tusa in aon chlub?...Cén oíche/lá a dtéann tú ann?...Cén t-am?...Cé a théann ann in éineacht leat?
  Cá dtéann tú ag siopadóireacht chun éadaí nua a cheannach? Anseo sa bhaile nó i…? An bhfuil siopaí éadaí anseo i…? Cad é ainm an tsiopa is fearr leat?

- An bhfuil aon scoil eile anseo i…? Cad is ainm don scoil sin?...An scoil do chailíní/do bhuachaillí/do chailíní agus do bhuachaillí an scoil sin?
  Cén fáth nach bhfuil tusa sa scoil sin?

- An dtéann tú go bialann go minic?... (ag brath ar chumas an iarrthóra). An bhfuil bialann sa cheantar? Cén bhialann is fearr leat?...An maith leat McDonalds…Supermacs…Cad a itheann tú i…? An maith leat burgair/sceallóga/sicín?...Cad é an bia is fearr leat?...An maith leat píotsa/curaí/spaigití/bagún agus cabáiste/ceapairí…?
  An maith leat cócaireacht?...Cé a dhéanann an dinnéar i do theach?
  Cén deoch is maith leat?...An maith leat tae/bainne/cóc…?

- An bhfuil cónaí ort ar fheirm?...An bhfuil an fheirm mór/beag?...An bhfuil ba/caoirigh ar an bhfeirm?...Cad atá ag fás sna páirceanna?...An mbíonn tú ag obair ar an bhfeirm?...Cad a dhéanann tú?...An maith leat a bheith ag obair ar an bhfeirm?...Ar mhaith leat a bheith i d' fheirmeoir? Cén fáth?

- Tá an fharraige/loch/abhainn/sliabh/sléibhte in aice linn anseo…An dtéann tú ag snámh/ag bádóireacht/ag iascaireacht/ag siúl ?...sa samhradh?...sa gheimhreadh?

- An bhfuil ospidéal sa cheantar seo?...Cad é ainm an ospidéil?...An raibh tú riamh san ospidéal?...An raibh timpiste riamh agat?...Cad a tharla duit?...An maith leat ospidéil?...Ar mhaith leat obair in ospidéal?

- An bhfuil post agat?...Cá bhfuil tú ag obair?...Cén lá a mbíonn tú ag obair?...An mbíonn tú ag obair Dé hAoine?...Cén t-am a thosaíonn tú ag obair Dé…?....An bhfaigheann tú a lán airgid?...Cé mhéad airgid a fhaigheann gach uair/lá/oíche/seachtain…?
  Cad a dhéanann tú ag an obair?...An mbíonn tú ag freastal (An bhfreastalaíonn)ar na custaiméirí?...An mbíonn (an bhfreagraíonn) tú ag freagairt an teileafóin?...An scuabann tú an t-urlár?...An stacálann tú na seilfeanna? An maith leat an obair?...Cén fáth?

# BLOC 4

## (Caitheamh Aimsire / Laethanta Saoire)

- Cad a dhéanann tú ag an deireadh seachtaine...Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh…. An bhfuil caitheamh aimsire agat?

- An mbíonn dioscó/damhsa ar siúl anseo?...An dtéann tú ann?...Cén t-am a thosaíonn sé?...Cé mhéad a chosnaíonn ticéad?...Cén t-am a chríochnaíonn sé? Conas a théann tú abhaile?...Cé mhéad a chosnaíonn an tacsaí?...An siúlann aon duine in éineacht leat?...An leatsa an carr?...An bhfuil ceadúnas tiomána agat?...Cathain a fuair tú é?

- Cad é an clár teilifíse is fearr leat?...Cén lá a mbíonn sé ar siúl?...Dé Luain?...Cén t-am a bhíonn sé ar siúl?...Cén carachtar is fearr leat? An mbíonn sé ar siúl ar RTÉ?

- An maith leat ceol?...Cén grúpa/banna ceoil is fearr leat?...An bhfuil a lán dlúthdhioscaí (CD-eanna ) agat?...Cén praghas atá ar dhlúthdhiosca?...An bhfuil siopa ceoil anseo i…? An bhfuil MP3/iFÓN agat? Cá bhfuair tú é? Cén saghas ceoil atá sábháilte agat air?
  An raibh tú riamh ag ceolchoirm?...san O2/RDS/OXEGEN/SLÁINE.
  Cé mhéad a bhí ar an ticéad? Cá bhfuair tú an t-airgead? Cé a thug an ticéad duit? Cé a chuaigh ann in éineacht leat? Conas a chuaigh tú ann…sa charr…ar an mbus…ar an traein….Cén banna ceoil /duine a bhí ag seinnt? An raibh sé/sí/siad…go maith?

- An maith leat spórt?...An imríonn tú spórt ar bith?...Cén áit?...Cén lá?...Cén t-am?...
  An bhfuil tú/an fhoireann go maith ag…? Ar bhuaigh tú/an fhoireann… comórtas/ léig/ rás/ craobh…riamh?

- Cad a rinne tú an samhradh seo caite? An raibh tú ar saoire? Cén áit? Cé a bhí in éineacht leat? Cá fhad a chaith tú/sibh ann?…Cé mhéad seachtain a bhí tú/sibh i…? Cár fhan tú/ sibh?...i dteach ósta…árasán…carabhán…… Conas a bhí an aimsir? An raibh tú ag obair? Cá raibh tú ag obair? Cad a rinne tú gach lá? Ar thaitin an obair leat? An bhfuair tú a lán airgid?

- An raibh tú ar laethanta saoire? Cá raibh tú ar laethanta saoire?
  An raibh tú riamh (thar lear)?...sa Spáinn...sa Fhrainc...tír éigin eile…?
  Conas a chuaigh tú ann?...ar eitleán…bád… Cé a bhí in éineacht leat? Cár fhan sibh?...in óstán? An raibh sibh ag campáil? Cá fhad a chaith tú sa Spáinn/sa Fhrainc?...Cé mhéad seachtain a chaith tú ann?...seachtain amháin…dhá sheachtain…Ar thaitin an bia leat?...An raibh an bia go deas?...Cad a d'ith tú ann…Ar ith tú burgair/sceallóga/sicín/ píotsa/curaí/spaigití?
  Conas a chaith tú an lá?...An ndeachaigh tú ag siúl/snámh/bialann?
  Conas a chaith tú an oíche?...An ndeachaigh tú go dtí dioscó?

- Conas a bhí an aimsir sa Spáinn/sa Fhrainc/sa…?An raibh an ghrian ag taitneamh/ag cur báistí?
  Conas atá an aimsir inniu?...An bhfuil an ghrian ag taitneamh?...An bhfuil sé ag cur báistí? An bhfuil sé fuar? An bhfuil sé te? An bhfuil scamaill sa spéir?